An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2025
(OR. en)

9528/25
PV CONS 28
AG 76
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Ginearálta)

27 Bealtaine 2025

1. An clár oibre a ghlacadh

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9262/25.

2. **Formheas na míreanna 'A'** 9263/25
**(a) Liosta neamhreachtach**

Ghlac an Chomhairle gach mír A a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 9264/25

**An comhshaol**

1. Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 maidir le caighdeáin astaíochtaí CO2 do ghluaisteáin paisinéirí agus veaineanna
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
*Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 21.5.2025

❶C 8905/1/25 REV 1 + ADD 1 REV 2
PE-CONS 13/25
CLIMA

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE), agus an Bheilg agus an tSualainn ag staonadh ón vótáil. Chomhaontaigh an Chomhairle freisin maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal 1.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/956 a mhéid a bhaineann le simpliú agus neartú an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha
*Cur chuige ginearálta*

❶C 9113/25

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Rialachán thuasluaite.

## **Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | Ullmhúchán don Chomhairle Eorpach an 26 agus an 27 Meitheamh 2025: dréachtchlár oibre anótáilte<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 8194/25 |
| 5. | Luachanna an Aontais san Ungáir/Airteagal 7(1) CAE, togra réasúnaithe<br>*Éisteacht* | | 8266/25 |
| 6. | Idirphlé bliantúil maidir leis an smacht reachta: plé tírshonrach<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 5092/25 |
| 7. | Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa<br>(Bunús dlí: Airteagal 342 CFAE)<br>*Glacadh* | (*) | 9056/25 + ADD 1-2 |
| 8. | Conclúidí maidir le hathléimneacht dhaonlathach an Aontais a neartú<br>*Formheas* | | 9352/25<br>8629/25 |
| 9. | Aon ghnó eile<br>(a) Deireadh a chur leis an maoiniú do Radio Free Europe<br>*Faisnéis ón tSeicia* | | <br>9303/25 |

---

❶ An chéad léamh

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'a' a leagtar amach in 9264/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 maidir le caighdeáin astaíochtaí CO2 do ghluaisteáin paisinéirí agus veaineanna**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>*Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas* |

**RÁITEAS ÓN IODÁIL**

'Is díol sásaimh don Iodáil an togra chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2019/631 maidir le caighdeáin astaíochtaí CO2 do ghluaisteáin agus veaineanna chun solúbthacht nua a thabhairt isteach agus chun sprioc 2025 maidir le laghdú astaíochtaí a éascú, agus ar an gcaoi sin an riosca pionós (préimheanna astaíochtaí iomarcacha) a mhaolú sa ghearrthéarma, rud a dhéanfadh dochar don nuálaíocht agus a chuirfeadh leis na deacrachtaí atá ag earnáil mótarfheithiclí an Aontais faoi láthair.

Chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na deacrachtaí sin san fhadtéarma, measann an Iodáil go bhfuil sé ríthábhachtach an t-athbhreithniú atá beartaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 2019/631 a dhéanamh i mbliana. Dá bhrí sin, is díol sásaimh dúinn go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún an t-athbhreithniú a thabhairt ar aghaidh go dtí an dara leath de 2025 agus dlús a chur leis an obair ullmhúcháin is gá.

Measann an Iodáil gur cheart an t-athbhreithniú a bheith bunaithe ar fhíricí, gur cheart é a bheith ina léiriú ar réaltacht an mhargaidh agus gur cheart creat rialála fíorchumasaithe cobhsaí a bheith mar thoradh air, lena n-áiritheofar aistriú atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de agus cothrom go sóisialta don earnáil mótarfheithiclí. Chuige sin, measaimid é a bheith ríthábhachtach go leanfadh an t-athbhreithniú prionsabal na neodrachta teicneolaíche agus go gcuirfí na réitigh go léir atá ar fáil d'fheithiclí glana san áireamh, lena n-áirítear úsáid bithbhreoslaí. Táimid ag súil freisin le modheolaíocht chuimsitheach chun measúnú a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 thar shaolré iomlán feithiclí, ó tháirgeadh go díchoimisiúnú.

Ar deireadh, measann an Iodáil gur cheart bearta a dhéanamh freisin chun riosca na bpionós a laghdú d'earnáil na bhfeithiclí tromshaothair agus gur cheart an t-athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/1242 a thabhairt chun cinn.'

**RÁITEAS Ó MHÁLTA**

'Is féidir le Málta tacú leis an leibhéal solúbthachta atá beartaithe sa chreat reachtach ach tá údair imní le léiriú aige. Tá sé ríthábhachtach a mheabhrú go bhfuil cuspóir uileghabhálach an Rialacháin seo ag teacht le spriocanna aeráide comhchoiteanna 2030 an Aontais, go háirithe spriocanna náisiúnta an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill.

Tá an t-iompar fós i measc na n-earnálacha is mó astaíochtaí san Aontas agus i gcás Mhálta, is iad na hastaíochtaí iompair is mó is ábhar do na spriocanna maidir le comhroinnt díchill. Mar thír a allmhairíonn a chuid feithiclí uile, tá Málta ag brath go hiomlán ar an margadh seachtrach le haghaidh soláthar feithiclí agus tá sé an-leochaileach i leith luaineacht praghsanna idir teicneolaíochtaí traidisiúnta agus teicneolaíochtaí astaíochtaí ísle. Sa chomhthéacs sin, meastar go bhfuil ról an Rialacháin i dtaobh soláthar margaidh feithiclí astaíochtaí ísle a spreagadh ríthábhachtach d'iarrachtaí náisiúnta Mhálta dlús a chur le leictriú a fhlít feithiclí agus a ghealltanais dícharbónaithe a chomhlíonadh.

I bhfianaise na ndúshlán atá roimh earnáil mótarfheithiclí na hEorpa faoi láthair, aithníonn Málta a thábhachtaí atá sé a áirithiú go leanfar de bheith uaillmhianach agus costéifeachtach araon chun spriocanna aeráide a bhaint amach.'